Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2020
(OR. en)

7798/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0069(COD)

CODEC 354
AVIATION 64

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal i bhfianaise phaindéim COVID-19 **(an chéad léamh)**<br>- Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an gníomh reachtach<br>- Cinneadh maidir le maolú ón tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 a ghabhann le CFAE maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

1. Ar an 29 Aibreán 2020, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 100(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus tá sé beartaithe aige freagra a thabhairt go luath.

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus tá sé beartaithe aige freagra a thabhairt go luath.

4. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ag an seisiún iomlánach a bheidh aici an 13-16 Bealtaine 2020.

[1] 7576/20 + COR 1.

5. I bhfianaise na práinne a bhaineann leis na himthosca eisceachtúla lena dtugtar bonn cirt leis na bearta atá beartaithe, ní fhéadfar an Rialachán a ghlacadh ach amháin tríd an nós imeachta i scríbhinn.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/556 ón gComhairle[2], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun:

   – go nglacfar an dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal i bhfianaise phaindéim COVID-19, mar a leagtar amach é in PE- CONS 13/20[3]; agus

   – maolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ón tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.

---

[2] Cinneadh (AE) 2020/556 ón gComhairle an 21 Aibreán 2020 lena gcuirtear síneadh leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 128I, 23.4.2020, lch. 1).

[3] beidh PE-CONS 13/20 ar fáil in am trátha.